

Coimisinéir um Nochtadh Cosanta

Achoimre ar Nósanna Imeachta

Réamhrá

1. Is oifig reachtúil neamhspleách é an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta a bunaíodh faoi Acht na Nochtadh Cosanta 2014 (an “**tAcht**”).
2. Is é ról an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (an “**Coimisinéir**”) ná tuairiscí ar éagóir ábhartha a fháil ón bpobal, ó Airí agus ó dhaoine forordaithe, agus na tuairiscí seo a tharchur go dtí an t-údarás is oiriúnaí. Cuidíonn Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta (an “**Oifig**”) le hobair an Choimisinéara.
3. Is féidir leis an gCoimisinéar a chuid feidhmeanna a tharmligean i measc foireann na hOifige de réir mar is cuí leis.
4. Níl aon ról ag an gCoimisinéir tuairisc ar éagóir ábhartha a mheas chun a dheimhniú an gcáilíonn sí chun cosaint a fháil faoin Acht.
5. Sa cháipéis seo mínimid ár nósanna imeachta ón am a fhaighimid tuairiscí agus, más bainteach, tuairiscí ar ghlac an Coimisinéir leo chun iad a fhiosrú.
6. Tá sé mar aidhm againn cinnte a dhéanamh de go bhfuil an cur chuige as a mbainimid úsáid i ngach cás cóir, agus go bhfeictear go bhfuil sé cóir, do na páirtithe go léir a bhaineann le hábhar. Is don eolas ginearálta amháin í an cháipéis seo agus ní bhfaighfear inti mionchur síos ar na saincheisteanna go léir a thagann chun cinn le linn an phróisis.
7. Tá na nósanna imeachta seo faofa ag an gCoimisinéir. Déanfaidh an Coimisinéir athbhreithniú ar na nósanna imeachta gach trí bliana.

Ról an Duine Ainmnithe

8. Tá baill foirne ag an gCoimisinéir (ar a dtugtar “**Daoine Ainmnithe**” orthu) atá freagrach as tuairiscí a láimhseáil agus go háirithe, as daoine a chur ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta atá ann chun tuairisc a dhéanamh. Is Daoine Ainmnithe iad foireann na hOifige chun críocha an Achta.
9. Sa chás go nglacann an Coimisinéir le tuairisc, beidh an Duine Ainmnithe freagrach freisin as tuairiscí a fhiosrú agus beidh sé/sí i dteagmháil leis an duine a dhéanann tuairisc chun aiseolas a sholáthar agus más gá, lorgóidh sé/sí tuilleadh eolais ón duine a bhfuil an tuairisc á dhéanamh aige.

Ról an Oifigigh Údaraithe

10. D'fhéadfadh an Coimisinéir baill foirne a cheapadh mar aon le daoine eile a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, le bheith ina nOifigigh Údaraithe chun cumhachtaí an Choimisinéara a fheidhmiú faoi Alt 10F den Acht.
11. D'fhéadfadh Oifigeach Údaraithe a bheith ina bhall foirne in Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta nó duine seachtrach de réir mar a chineann an Coimisinéir.

Nós Imeachta réamh-rannpháirtíochta

12. Is í aidhm na nósanna imeachta réamh-rannpháirtíochta ná eolas a thabhairt do dhaoine a bhfuil tuairisc á déanamh acu faoi conas tuairisc a dhéanamh don Choimisinéir, agus conas a oibreoidh an nós imeachta sin.
13. Labhróidh foireann na hOifige le haon duine a bhfuil ar intinn aige tuairisc a dhéanamh agus míneoidh siad i dtéarmaí ginearálta an nós imeachta chun tuairisc a chur faoi bhráid an Choimisinéara. Más mian le duine dul i dteagmháil leis an Oifig roimh dóibh tuairisc a dhéanamh, is féidir leo glaoch a chur ar 01 639 5650.
14. Más cuí, d'fhéadfaí an chomhairle a thabhairt don tuairisceoir tréimhse shuaimhnithe a thógáil chun a gcuid cúinsí a mheas agus/nó comhairle dlí a fháil roimh dóibh tuairisc a dhéanamh.
15. Is próiseas deonach agus rúnda é an nós imeachta réamh-rannpháirtíochta a tharlaíonn ar an nguthán sula ndéantar tuairisc. Le linn an phróisis seo, ní cóir do dhaoine a bhfuil tuairisc á déanamh acu eolas a nochtadh a bhaineann lena dtuairisc.

Conas tuairisc a thabhairt don Choimisinéir

16. Is féidir tuairiscí a dhéanamh don Choimisinéir trí úsáid a bhaint as na modhanna a leanas:
 - I litir nó ríomhphost
 - Ó bhéal ar an nguthán
 - I láthair go pearsanta ag cruinnithe
17. Ní dhéantar glaonna gutháin don Choimisinéir a thaifeadh agus tá na línte criptithe go hiomlán. Tá ár ríomhphoist criptithe go hiomlán freisin.

18. Is féidir ríomhphoist a sheoladh go dtí info@opdc.ie nó is féidir litreacha a sheoladh go dtí 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, nó iad a fhágáil isteach. Is féidir glaoch a chur ar 01 639 5650.

19. Is féidir leis an gCoimisinéir tuairiscí a fháil ó

- Duine a dhéanann tuairisc go díreach
- Aire
- Duine forordaithe

20. Agus tuairisc á cur faoi bhráid an Choimisinéara, ba chóir don tuairisceoir eolas a sholáthair faoi na rudaí a leanas:

1. Ainm an tuairisceora, post san eagraíocht, áit oibre agus sonraí teagmhála;
2. An mian leis an tuairisceoir go rachfaí i dteagmháil leis;
3. An bhfuil an tuairisceoir den tuairim go bhféadfaí pionós trom a ghearradh orthu nó an bhfuil an baol ann go bhféadfaí fianaise a bhaineann leis an éagóir ábhartha a cheilt nó a scrios, agus más amhlaidh, cé a dhéanfaidh é seo;
4. Dáta na héagóra líomhnaithe (má tá sé ar eolas) nó an dáta ar ar thosaigh an éagóir líomhnaithe nó ar ar aithníodh é;
5. An bhfuil an éagóir líomhnaithe fós ag dul ar aghaidh;
6. Ar nochtadh an éagóir líomhnaithe cheana féin agus más amhlaidh, cé a nocht í, cathain, agus cad é an gníomh a tógadh ina leith;
7. Eolas faoin éagóir líomhnaithe (cad é atá ag tarlú/a tharla agus conas)
8. Ainm an duine/na ndaoine a líomhnaítear go bhfuil baint acu leis an éagóir líomhnaithe (má tá ainm ar eolas agus má tá an tuairisceoir den tuairim go bhfuil sé riachtanach an duine sin ainmniú chun an éagóir a nochtadh);

21. Is féidir tuairiscí a dhéanamh ag baint úsáide as an bhfoirm tuairisce atá le fáil ar ár suíomh gréasáin [anseo](#). Tá úsáid na foirme seo roghnach.

22. Moltar do thuirisceoirí gan cáipéisí tacaíochta a chur san áireamh nuair atá tuairisc á cur faoi bhráid an Choimisinéara ag an bpointe seo. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil ón gCoimisinéir chun a dheimhniú cé hé an t-údarás is cuí chun an tuairisc a fhiosrú, iarrfaidh an Coimisinéir an an tuairisceoir an t-eolas sin a sheoladh.

23. Moltar do thuirisceoirí a dtuairisc a chur le chéile ag déanamh tagairte d'eolas a tháinig ar a súile agus gan tátal a bhaint maidir le daoine áirithe ná le cionta áirithe.

Nuair a chuirtear tuairisc chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

24. Nuair a fhaighimid tuairisc, is gnách go n-admhóimid go bhfuaireamar í laistigh de 7 lá. Cuirfear an admháil seo ar aghaidh chuig seoladh ríomhphoist nó seoladh poist an tuairisceora mura bhfuil treoir eile maidir le seoladh tugtha sa tuairisc.

25. Sa chás nach dtugtar aon sonraí teagmhála sa tuairisc, d'fhéadfadh sé nach mbeidh ar chumas na hoifige admháil a sheoladh.

26. Déileálfar le tuairiscí san ord ina dtagann siad isteach san oifig. Mar sin féin, más gá agus más cuí, agus nuair a chuirtear san áireamh líon na dtuairiscí a fhaightear, d'fhéadfaí déileáil le tuairisc a bhaineann le héagóir ábhartha thromchúiseach mar ábhar tosaíochta.
27. Laistigh de 14 lá ón lá a fhaightear an tuairisc, mura bhfuil coinníollacha faoi leith ag baint léi, aithneoidh an Coimisinéir an duine forordaithe de réir mar is cuí leis, agus tarchuirfidh sé an tuairisc chuig an duine sin (féach [anseo](#) le haghaidh liosta de dhaoine forordaithe).
28. Más cuí, déanfaidh an Coimisinéir teagmháil neamhfhoirmiúil leis an Duine Forordaithe chun iad a chur ar an eolas i dtéarmaí ginearálta gur dócha go mbeidh tuairisc faoi éagóir ábhartha ag teacht chucu. Is í príomhaidhm na cumarsáide seo ná cinnte a dhéanamh de go dtarchuirfear an tuairisc chuig an duine ceart ar an mbealach ceart.
29. Mura bhfuil duine fordaithe cuí ann, nó má tá an Coimisinéir den tuairim go mbeadh baol piónóis thromaí ann nó an baol go scriosfaí fianaise nó go gcuirfí fianaise i bhfolach, déanfaidh an Coimisinéir duine eile atá oiriúnach agus a aithint agus an tuairisc a tharchur chuig an duine sin.
30. Is daoine oiriúnacha iad daoine atá aitheanta ag an gCoimisinéir, agus ina thuairim, mar gheall ar an bhfreagracht nó na feidhmeanna atá acu, dealraíonn sé gur daoine iad a oireann chun bheith ina bhfaighteoirí tuairisce agus daoine a bhfuil an inniúlacht acu aiseolas a sholáthar agus an cás a fhiosrú agus céannacht an tuairisceora a chosaint.
31. Mura féidir leis an gCoimisinéir duine forordaithe cuí a shainaithint nó duine oiriúnach eile, glacfaidh an Coimisinéir leis an tuairisc chun í a fhiosrú.
32. Más cuí, d'fhéadfadh an Coimisinéir tuairisc a roinnt i gcodanna chun í a thabhairt do dhuine nó do dhaoine forordaithe agus/nó do dhaoine oiriúnacha eile.
33. D'fhéadfadh sé nach mbeidh an Coimisinéir ábalta an tuairisc a tharchur chuig an duine nó na daoine forordaithe lasistigh den tréimhse 14 lá mar gheall ar nádúr na tuairisce agus cé chomh casta is atá sí. Sna cúinsí seo, d'fhéadfaí síneadh ama a chur leis an tréimhse 14 lá go dtí tréimhse atá réasúnta sna cúinsí faoi leith.
34. Cuirfear in iúl don tuairisceoir na gníomhartha a rinneadh agus na cúiseanna leis sin, a luaithe is féidir tar éis don tuairisc a tharchur nó tar éis í a bheith glactha ag an gCoimisinéir.

35. Faoi réir an phróisis agóide atá leagtha amach thíos, nuair a tharchuirtear tuairisc chuig duine forordaithe cuí nó duine oiriúnach eile, sin deireadh le ról an Choimisinéara agus ní thógfá aon chéim eile.

Agóid a tharchur i gcás Daoine Forforordaithe nó Daoine Oiriúnacha Eile

36. Is féidir le duine a fhaigheann tuairisc a chur in iúl don Choimisinéir i scríbhinn tráth nach déanaí ná 7 lá i ndiaidh don tuairisc a bheith tarchurtha, nach dtagann an cas faoi shainchúram an duine sin, reachtúil nó eile, agus na cúiseanna atá ann don tuairim sin. Is é Lá 1 an dáta ar tarchuireadh an tuairisc.

37. Ba chóir fógraí agóide maidir le sainchúram a sheoladh le ríomhphost go dtí an seoladh a leanas info@opdc.ie. San fhógra ní mór na cúiseanna a lua maidir le cén fáth nach dtagann an tuairisc faoi shainchúram an duine. Measfar gur fógra neamhbhailí é fógra nach bhfuil cúiseanna luaite ann.

38. Cuirfear in iúl don duine laistigh de 14 lá an cinneadh atá déanta ag an gCoimisinéir. Ní bheidh aon dul thar chinneadh an Choimisinéara. Má chinneann an Coimisinéir nach dtagann an tuairisc laistigh de shainchúram an duine agus gur chóir an tuairisc a tharchur chuig duine eile nó gur chóir don Choimisinéir glacadh léi, cuirfimid in iúl don tuairisceoir, a luaithe is féidir, na gníomhartha a rinneadh agus na cúiseanna leis sin.

Obair leantach an Choimisinéara

39. Mura féidir leis an gCoimisinéir duine cuí forordaithe nó duine oiriúnach eile a shainaithint, glacfaidh an Coimisinéir leis an tuairisc chun obair leantach a dhéanamh ina leith. Sna cúinsí sin, beidh feidhm ag na nósanna imeachta mar atá leagtha amach thíos.

40. De ghnáth is í foireann na hOifige, ar Daoine Ainmnithe iad, a dhéanfaidh tuairiscí a fhiosrú. Chomh maith le foireann na hOifige, d'fhéadfadh an Coimisinéir úsáid a bhaint as seirbhísí iniúchta tríú páirtí is cuí leis.

Céim 1: Measúnú Tosaigh

41. Déanfar measúnú tosaigh chun a dheimhniú an bhfuil fianaise *prima facie* ann gur tharla éagóir ábhartha i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.

42. Más tuairisc anaithnid í an tuairisc, ní mór measúnú a dhéanamh an féidir glacadh leis an tuairisc nó an bhfuil sé sin coiscthe de réir an dlí. Sa chás nach féidir glacadh léi de réir

an dlí, dúnfaidh an Coimisinéir an nós imeachta agus ní thógtar aon chéim ina dhiaidh sin.

43. D'fhéadfaí tuilleadh eolais a lorg ón tuairisceoir chun a dheimhniú an bhfuil fianaise *prima facie* ann gur tharla éagóir ábhartha. Ag brath ar chúinsí na tuairisce, d'fhéadfaí eolas a fháil ón tuairisceoir trí ráiteas finné agus/nó trí agallamh.

43.1. D'fhéadfaí iarraidh ar an tuairisceoir sonraí iomlána a sholáthar faoin éagóir líomhnaithe ábhartha. Áirítear leis sin ainm/ainmneacha agus sonraí teagmhála finnéithe a bhaineann le hábhar.

43.2. D'fhéadfaí iarraidh ar an tuairisceoir an bhfuil tuairisc curtha acu cheana féin chuig an gCoimisinéir nó chuig duine forordaithe eile a bhaineann leis na cúinsí céanna nó cúinsí den sórt mar aon leis na sonraí a bhaineann leis an tuairisc sin.

44. Tá an dualgas ar an tuairisceoir comhoibriú ar bhealach réasúnta leis an gCoimisinéir. Ní chuireann an comhoibriú seo leis an gCoimisinéir isteach ar chearta an duine faoin Acht.

45. Tar éis measúnachta tosaigh a dhéanamh, má chineann an Coimisinéir go mbaineann aon cheann de na nithe thíos leis an tuairisc, dúnfar an nós imeachta agus cuirfear é seo in iúl don tuairisceoir:

45.1. Níl aon fhianaise *prima facie* ann gur tharla éagóir ábhartha.

45.2. Tá fianaise *prima facie* ann go bhféadfadh sé gur tharla éagóir ábhartha ach is mionrud é agus ní gá é a fhiosrú a thuilleadh.

45.3. I gcás tuairisce atá cosúil le ceann a cuireadh isteach cheana féin, níl aon eolas tábhachtach nua ann faoi éagóir ábhartha i gcomparáid le tuairisc a cuireadh isteach roimhe seo, agus níl aon chúinsí nua dlí nó fíriciúla a thabharfadh údar le cur chuige difriúil a ghlacadh.

46. D'fhéadfaí tuairisc aonair a bhriseadh síos i sraith de líomhaintí nó de chodanna éagsúla, agus d'fhéadfadh sé go mbeidh sé riachtanach iad sin a fhiosrú astu féin nó cur chuige difirúil a ghlacadh leo, ag brath ar na cúinsí.

47. Ní mheastar gur éagóracha ábhartha faoin Acht iad gearáin idirphearsanta a bhaineann leis an tuairisceoir amháin.

48. Mura mbaineann aon cheann de na nithe thuas le hábhar, leanfaidh an Coimisinéir ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

Céim 2: Tuilleadh obair leantach

49. Déanfaidh an Coimisinéir obair leantach díograiseach agus gníomhóidh sé de réir fheidhmeanna an Choimisinéara i ngach cás. D'fhéadfadh obair leantach éagsúil a bheith riachtanach i ngach cás, áfach, ag brath ar nádúr agus ar ábhar na tuairisce.

49.1. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an gCoimisinéir imscrúdú suntasach a dhéanamh i roinnt cásanna chun na fíricí a dheimhniú, agus i gcásanna eile ní gá don Choimisinéir aon imscrúdú breise a dhéanamh mar tá na fíricí ann soiléir agus neamhchospóideach. Cé go bhfuil cumhachtaí imscrúdaithe ag an gCoimisinéir, níl aon chumhachtaí forfheidhmithe ná smachtbhannaí aige. Mar sin, mar chuid de na gníomhartha cuí atá ar fáil ag an gCoimisinéir, d'fhéadfadh sé cás a tharchur chuig comhlacht atá freagrach as forfheidhmiú nó smachtbhannaí a ghearradh ar an duine atá mar ábhar na tuairisce. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go bhfuil an dualgas ar an gCoimisinéir eolas a thabhairt don Gharda Síochána nó d'údarás rialála eile agus tuilleadh beart ón gCoimisinéir a chur ar fionraí go dtí go mbeidh toradh ar an imscrúdú sin.

50. Sa chás go gcinneann an Coimisinéir go bhfuil sé riachtanach go ndéanfaidh an Coimisinéir imscrúdú ar an tuairisc mar chuid d'obair leantach chuí, d'fhéadfaí na nithe a leanas a áiriú san imscrúdú:

- I. Cuirfear in iúl don duine a rinne an tuairisc go bhfuil imscrúdú ar siúl agus d'fhéadfaí iarraidh orthu tuilleadh faisnéise a sholáthar. D'fhéadfaí iarraidh orthu nó iallach a chur orthu ráiteas a dhéanamh don Choimisinéir nó doiciméadú tacaíochta a sholáthar nó fianaise eile atá ar fáil dóibh.
- II. Aon duine a chuirtear ina leith go bhfuil éagóir déanta aige nó go bhfuil baint acu leo (m. sh. fostóir an duine sin), cuirfear in iúl dóibh go bhfuil imscrúdú ar siúl agus d'fhéadfaí iarraidh orthu tuilleadh eolais a sholáthar. D'fhéadfaí iarraidh orthu nó iallach a chur orthu ráiteas a dhéanamh don Choimisinéir nó doiciméadú a sholáthar nó fianaise eile atá ar fáil dóibh.
- III. I gcásanna cuí, d'fhéadfadh Oifigh Údaraithe dul isteach in áitreabh, le barántas nó gan é, agus eolas nó fianaise eile a iarraidh.

51. Tabharfar an deis do dhaoine atá faoi imscrúdú labhairt faoin éagóir líomhnaithe ábhartha. Ní thabharfar cóip den tuairisc ná de na cáipéisí a sholáthraigh an tuairisceoir, áfach, do dhaoine atá faoi imscrúdú mar chuid den phróiseas imscrúdaithe mura gcreideann an Coimisinéir go bhfuil gá leis chun críocha an imscrúdaithe.

52. Ní nochtfar eolas a d'fhéadfaí a úsáid chun céannacht an tuairisceora a bhaint de thátaí as mura gcreideann an Coimisinéir go bhfuil gá réasúnta leis chun críocha an imscrúdaithe. Más cuí, d'fhéadfaí cáipéisí a mhalartú i bhformáid anaithnid.

53. D'fhéadfaí an deis a thabhairt do thuairisceoirí freagairt ar shaincheistean nua luaite ag daoine atá faoi imscrúdú má mheastar go bhfuil gá leis chun críocha na tuairisce.

54. Ag deireadh an imscrúdaithe, ullmhófar comhad bunaithe ar an eolas a fuarthas amach, in éineacht le ráitis agus cáipéisí ábhartha eile. Déanfaidh an Coimisinéir an fhianaise a

mheas bunaithe ar chothromaíocht na dóchúlachta. Má tá na cuntais ag teacht salach ar a chéile, déanfaidh an Coimisinéir cinneadh maidir leis an gcuntas ar dóigh leis gurb é an cuntas is inchreidte é.

55. Déanfaidh an Coimisinéir cinneadh maidir leis an gcur chuige is cuí. D'fhéadfaí a áiriú leis seo an tuairisc a chur ar aghaidh chuig na húdaráis ábhartha.

Céim 3: Toradh

56. Faoi réir oibleagáidí dlíthiúla an Choimisineara, cuirfear in iúl don tuairisceoir cinneadh deireadh an Choimisineara, lena n-áirítear, mar is cuí, an toradh a bhí ar aon imscrúdú a rinne an Coimisinéir maidir leis an tuairisc nó má cuireadh an tuairisc ar aghaidh chuig comhlacht eile.

57. D'fhéadfaí an toradh a chur in iúl don tuairisceoir ar bhealach foirmiúil nó neamhfoirmiúil mar is cuí, ag baint úsáide as an ngnáthbhealach cumarsáide a bhí á úsáid ag an tuairisceoir mura luaitear a mhalairt.

58. Braithfidh méid na cumarsáide a dhéantar leis an tuairisceoir faoi thoradh na tuairisce ar an tuairisc féin. Seo a leanas samplaí de thorthaí a d'fhéadfaí a chur in iúl don tuairisceoir:

58.1. Torthaí agus moltaí an Choimisineara.

58.2. Gur chuir an Coimisinéir an tuairisc ar aghaidh chuig údarás eile, mar shampla, An Garda Síochána, chun go ndéanfaí í a mheas.

58.3. Gur chinn an Coimisinéir nach bhfuil aon fhianaise ann gur tharla éagóir ábhartha ná go bhfuil éagóir ábhartha ag tarlú.

59. Níl aon dualgas ar an gCoimisinéir an tuairisceoir a chur ar an eolas maidir le gníomhartha faoi leith a bhaineann le duine eile, e.g. próiseas disciplíneach nó caingean dlí.

60. Ní thabharfar eolas don tuairisceoir más amhlaidh go ndéanfaidh sé dochar do thorthaí imscrúduithe nó imeachtaí eile.

Aiseolas ón gCoimisinéir

61. Le linn an phróisis imscrúdaithe, tá an tuairisceoir i dteideal aiseolas a fháil laistigh de 3 mhí ón dáta a fuarthas admháil go bhfuarthas an tuairisc. Is iad na Daoine Ainmnithe a chuirfidh aiseolas ar fáil don tuairisceoir.

62. Is é cuspóir an aiseolais ná cinnte a dhéanamh de go gcoimeádtar an tuairisceoir ar a eolas maidir leis an bpróiseas agus na gníomhartha a thagann chun cinn de bharr na tuairisce a rinne siad. Braithfidh méid an aiseolais ar an tuairisc féin. I dtéarmaí ginearálta, tabharfar aiseolas don tuairisceoir maidir leis na gníomhartha a rinneadh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh agus na cúiseanna leis sin.
63. Ní thabharfar aon eolas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thoradh imscrúdaithe ná d'aon ghníomhartha eile a d'fhéadfadh tarlú, e.g. gníomhartha smachtaithe nó dlí.
64. I gcásanna áirithe, is féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama inar féidir aiseolas a sholáthar go dtí 6 mhí ón dáta ar admhaíodh go bhfuarthas an tuairisc, mar gheall ar an gcineál tuairisce atá i gceist agus cé chomh casta is atá sí. Má tá gá le síneadh ama, cuirfeadh é sin in iúl don tuairisceoir a luaithe is féidir.
65. Is féidir le tuairisceoir aiseolas a iarraidh freisin ar bhonn rialta (go ráithiúil). Ba chóir iarratais ar aiseolas rialta a dhéanamh i scríbhinn don Duine Ainmnithe.

Eolas eile ba chóir a bheith ar eolas agat

An féidir tuairisc ar éagóir ábhartha a tharraingt siar?

66. Ní féidir tuairisc ar éagóir ábhartha a tharraingt siar. Ar an ábhar seo, moltar do thuirisceoirí páirt a ghlacadh sa [nós imeachta réamh-rannpháirtíochta](#) mar atá leagtha amach thuas, roimh dóibh a dtuairisc a dhéanamh.
67. D'fhéadfadh sé tarlú nach dteastaíonn ó thuirisceoir leanúint lena dtuairisc. Má tharlaíonn sé nach dteastaíonn ó thuirisceoir leanúint lena dtuairisc, ba chóir dóibh dul i dteagmháil leis an oifig i scríbhinn a luaithe is féidir chun é seo a dheimhniú agus na cúiseanna a bhaineann leis a mhíniú. Déanfar gach cumarsáid ón tuairisceoir a mheas agus gníomhófar de réir mar is cuí leis an gCoimisinéir.
68. Ba chóir go mbeidh a fhios ag tuairisceoirí go bhfuil an dualgas ar an gCoimisinéir tuairiscí a tharchur laistigh de 14 lá ón lá a fhaightear iad. Sa chás gur tarchuireadh tuairisc cheana féin, ní bheidh ar chumas an Choimisinéara aon chéim eile a thógáil maidir leis an tuairisc sin.
69. D'fhéadfadh sé tarlú go measann an tuairisceoir nach tuairisc ar éagóir ábhartha faoin Acht í an tuairisc nó nach tuairisc í a thuilleadh. Sna cúinsí sin, ba chóir don tuairisceoir dul i dteagmháil láithreach leis an oifig agus míniú a thabhairt maidir le cén fáth a mheasann siad nach tuairisc ar éagóir ábhartha í an tuairisc a thuilleadh. Mar shampla, d'fhéadfadh an tuairisceoir a bheith den tuairim nach bhfuil an t-eolas a soláthródh fíor agus gur casaoid idirphearsanta atá i gceist leis an éagóir.

- 69.1. Sa chás nach tuairisc ar éagóir ábhartha í an tuairisc faoin Acht, níl sé d'oibligeáid ar an gCoimisinéir faoin Acht í a tharchur.
- 69.2. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, go mbeidh sé d'oibligeáid ar an gCoimisinéir an tuairisc a tharchur chuig údarás eile. Mar shampla, má tá eolas sa tuairisc a bhaineann le cionta áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeidh sé d'oibligeáid ar an gCoimisinéir an t-eolas seo a thuairisciú don Gharda Síochána.
70. Má tá imní ar thuairisceoir go bhfuil siad i mbaol go ndéanfaí iad a phionósú go tromchúiseach nó ndéanfaí fianaise a cheilt nó a scrios, ba chóir é seo a phlé leis an Oifig. Déanfar cúiseanna inmí an tuairisceora a mheas sula ndéanfar aon bheart i ndáil le tuairisc.
71. Sa chás nach dteastaíonn ó thuairisceoir páirt a ghlacadh a thuilleadh i ndiaidh na tuairisce a bheith curtha isteach, tabharfar é sin faoi deara, agus más cuí, cuirfear é seo in iúl d'fhaighteoir na tuairisce. Cé go bhfuil dualgas reachtúil ag an tuairisceoir comhoibriú leis an gCoimisinéir agus le haon fhaighteoir na tuairisce, ní féidir sin a dhéanamh ach a mhéid a d'fhéadfadh sé a bheith ag teastáil go réasúnach agus go dleathach.

Tuairiscí anaithnide

72. Gníomhóimid i leith tuairiscí anaithnide chomh fada agus is féidir, cé go bhféadfadh sé go mbeidh srian ar ár gcumas obair leantach a dhéanamh mura bhfuil céannacht na tuairisceora ar eolas againn. D'fhéadfadh sé tarlú go gcuireann an dlí cosc orainn tuairisc anaithnid a fhiosrú.
73. Mura bhfuil céannacht na tuairisceora ar eolas againn, d'fhéadfadh sé tarlú nach féidir linn an tuairisceoir a choimeád ar an eolas nó na céimeanna is gá a ghlacadh chun céannacht na tuairisceora a choimeád faoi rún.

Cionta a bhaineann le feidhmeanna an Choimisinéara

74. Is cionta faoin Acht iad seo a leanas:
- 74.1. aon fhaisnéis nó taifead, leabhar, doiciméad nó rud eile a éilíonn an Coimisinéir faoi alt 10F7(1) a choimeád siar, a dhíothú, a cheilt nó a dhiúltú;
 - 74.2. mainneachtain nó diúltú déanamh de réir aon cheangais arna dhéanamh faoi alt 10F(1) nó (4),

74.3. Bac nó treampán a chur ar an gCoimisinéir nó ar Oifigeach Údaraithe agus é nó í ag comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi alt 10F den Acht.

75. Ar dhaoine a dhéanann cion faoin Acht seo- (i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó (ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

76. Is faoin nGarda Síochána a bheadh sé aon chion den sórt sin a imscrúdú.

Costais na bhFinnéithe

77. Déanfaidh an Coimisinéir breithniú ar aisíocaíocht costas as póca arna dtabhú ag aon ghnáthfhinné de thoradh fianaise a thabhairt don Choimisinéir. Ní mór costais réasúnta deimhnithe a bheith sna costais sin.

Ionadaíocht

78. I gcás ina bhfuil duine atá faoi imscrúdú á chur faoi agallamh, féadfaidh a n-ionadaí iad a thionlacan chuig cruinnithe i bpearsa. Ní mór ainm agus sonraí teagmhála an ionadaí a chur ar fáil roimh an agallamh.

Rúndacht agus slándáil

79. Glacann an Coimisinéir go han-dáiríre le rúndacht agus slándáil faisnéise.

80. Ceanglaítear ar an gCoimisinéir céannacht aon duine tuairiscithe a choinneáil faoi rún, mura rud é go measann an Coimisinéir le réasún go bhfuil gá le nochtadh chun críocha tuairiscí a fháil, a tharchur nó obair leantach a dhéanamh ina leith. Is dócha go mbeidh sé riachtanach céannacht an duine tuairiscithe a nochtadh don duine forordaithe cuí nó do dhuine oiriúnach eile chun cur ar a gcumas obair leantach chuí a dhéanamh ar an tuarascáil.

81. Tá roinnt eisceachtaí teoranta eile ann ón dualgas rúndachta, agus is iondúil go n-éilíonn cuid acu sin go dtabharfaí fógra roimh ré don duine tuairiscithe.

82. Má tá inmí ar leith ar dhuine tuairiscithe go bhféadfaí pionós a ghearradh orthu nó go bhféadfaí bac a chur ar a dtuairisc ná nochtar a gcéannacht, ba cheart dóibh é sin a chur in iúl dár n-oifig. Caithfear go híogair agus go rúnda le haon ábhar inmí den sórt sin.

83. Ceanglaítear ar an gCoimisinéir céannacht aon duine a chúisítear as éagóir iomchuí a choimeád faoi rún fad a bheidh aon imscrúdú ar siúl, mura rud é go measann an

Coimisinéir le réasún go bhfuil gá le nochtadh chun críocha na reachtaíochta nó go bhfuil sé údaraithe nó ina cheangal ar shlí eile de réir dlí. Gur dócha go mbeidh sé riachtanach i gcónaí an chéannacht a nochtadh don duine forordaithe cuí nó do dhuine oiriúnach eile chun a chumasú dóibh an tuarascáil a leanúint go cuí.

84. Stóráilann an Coimisinéir faisnéis chun na gcríoch a leagtar amach inár bhFógra Príobháideachta agus coinneofar í de réir ár bpolasaí coinneála, atá le fáil ar ár suíomh gréasáin. Leagtar amach sa bheartas coinneála na tréimhsí ama don fhad a choinníonn an Coimisinéir faisnéis chun críocha éagsúla, agus mar thoradh ar ár gceanglais dhlíthiúla. Beidh an fad ama a choinneoimid do shonraí pearsanta ag brath ar an gcineál doiciméid nó taifid ina bhfuil na sonraí pearsanta. Ní choinneoimid do shonraí pearsanta ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin, áfach.

85. Tá pleananna leanúnachais gnó i bhfeidhm ag an gCoimisinéir chun go mbeidh sé ábalta a fheidhmeanna a chomhlíonadh más amhlaidh nach mbeidh fáil go sealadach ar a chórais dhaingne. Sa chás nach bhfuil córais an Choimisinéara ar fáil ar chúis ar bith, ní bheidh an Coimisinéir ábalta tuairiscí ar éagóracha nua a fháil le linn na tréimhse sin.